

Teocht

Céard is teocht ann?


Teocht is ea an méid teasa nó fuachta a bhaineann le rud.

Conas a thomhaistear teocht?

Úsáidtear **teirmiméadar** chun an teocht a thomhas.

Tá iliomad saghsanna teirmiméadar ann.

Úsáidtear **teirmiméadar mearcair** de ghnáth chun léamha aimsire a thomhas.




Conas a oibríonn teirmiméadar?

- Coinnítear mearcair i gcolún gloine.
- Atann mearcair nuair a théitear é agus crapann sé nuair a fhuaraítear é.
- Nuair a ardaíonn an teocht, déanann an mearcair amhlaidh.
- Léimid an teocht ón scála atá marcáilte ar an taobh seachtrach den cholún

Cathain a úsáidtear teirmiméadar?

SAMPLA 1: Sa chuisneoir. Tá sé tábhachtach bia a stóráil ag teocht íseal chun é a choimeád úr.

SAMPLA 2: San oigheann. Chun bia a chócaráil, caithfear an t-oigheann a shocrú ag teocht ard.



Teocht na hÉireann

Meánteocht bhliantúil Éireann ná 9°C.

Ní bhíonn ar Éirinn déileáil le teochtaí foircneacha mar a bhíonn ar thíortha atá ar dhomhanleithead éagsúil.

Céard is teocht an tseomra ann?

Cloisimid an frása ‘teocht an tseomra’ go minic. Céard a chiallaíonn sé?

Teocht an tseomra is ea teocht faoi dhíon de 15 go 25°C (59 go 77°F).

Teocht í atá in oiriúint d’áitíocht. Níl sé ró-the agus níl sé ró-fhuar.

Celsius agus Fahrenheit

Féadfar teocht a thomhas i **Fahrenheit** and **Celsius**.

Úsáidtear an Scála **Celsius** de ghnáth in Éirinn.

Glaitear an scála 'ceinteagrádach' air chomh maith. Tá sé roinnte ina 100 cuid.

Ar an scála Celsius, reophointe uisce ná 0 °C, agus fiuchphointe uisce ná 100 °C

Úsáidtear an scála **Fahrenheit** de ghnáth i Meiriceá.

Ar an scála Fahrenheit, reophointe uisce ná 32°F agus fiuchphointe uisce ná 212°F.

Conas a aistrím léamha ó Celsius go Fahrenheit?

Chun aistriú idir an dá scála, úsáidimid na cothromóidí seo a leanas:

$$T_C = (T_F - 32) \div 1.8$$

$$T_F = (T_C \times 9/5) + 32$$

T_C is ea an teocht i bhfoirm Celsius

T_F is ea an teocht i bhfoirm Fahrenheit

Sampla:

Ceist: Aistrigh 24°C (lá deas te) go Fahrenheit

$$T_C = 24$$

Mar sin,

$$T_F = (24 \times 9/5) + 32$$

$$T_F = (216/5) + 32$$

$$T_F = 43.2 + 32$$

$$T_F = 75.2^\circ\text{F}$$

Freagra: 24°C = 75.2°F